Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Tíreolaíocht

## Leabhrán Foghlaim Gairmiúil

## 2023-2024

CC BY NC

# Clár na hÁbhar


**CLÁR NA HÁBHAR** 1

**STRUCHTÚR NA SONRAÍOCHTA I DTÍREOLAÍOCHT NA SRAITHE SÓISEARAÍ** 2

**TORTHAÍ FOGHLAMA** 3

SNÁITHE 1: AN DOMHAN FISICEACH A FHIOSRÚ 3

SNÁITHE 2: AN CHAOI A NDÉANAIMID TEAGMHÁIL LEIS AN DOMHAN FISICEACH A FHIOSRÚ 3

SNÁITHE 3: DAOINE, ÁITEANNA AGUS ATHRUITHE A FHIOSRÚ 3

**AONAD FOGHLAMA SAMPLACH** 4

**GNÍOMHAÍOCHT 1: LEAS A BHAINT AS SCILEAANA CARTAGRAFACHA CHUN TÍRDREACH OILEÁN ACLA A LEIRMHINIÚ** 8


**GNÍOMHAÍOCHT 2: LEAS A BHAINT AS SCILEANNA GEOGRAFACHA CHUN TUISCINT SCOLÁIRÍ I NGNÉ DE THÍREOLAÍOCHT ÁITIÚIL A THUISCINT** 9

**GNÍOMHAÍOCHT 3: PLEANÁIL DO MRB2** 10

**MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 2 - MO THÍREOLAÍOCHT** 11

**NOTAÍ** 14


Déan cliceáil ar an íomha den ScéalMhapa thíos chun é a oscailt ar líne.









Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Struchtúr na Sonraíochta i dTíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí




*(ROS, 2017), Sonraíocht Tíreolaíochta na Sraithe Sóisearaí lgh. 9 & 10.*

# Torthaí Foghlama

| Gnéithe | Snáithe 1: An domhan fisiceach a fhiosrú |
|---|---|
| • Próisis, patrúin, córais agus scála<br>• Scileanna tíreolaíochta<br>• Inbhuanaitheacht | **Ba choir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**<br>**1.1** cur síos a dhéanamh ar dhéanamh agus ar dháileadh domhanda na mbolcán, na gcreathanna talún agus na bhfillsléibhte ó thaobh teicteonaic phlátaí agus struchtúr an domhain de<br>**1.2** idirdhealú a dhéanamh idir catagóirí éagsúla de chineál carraige agus tagairt a dhéanamh do chomhdhéanamh agus d'fhoirmíocht<br>**1.3** anailís a dhéanamh ar phróisis an tsíonchaithimh agus na hollghluaiseachta agus ar na tionchair atá acu ar an tírdhreach<br>**1.4** measúnú a dhéanamh ar chineálacha ithreacha ina cheantar áitiúil i dtaca le comhdhéanamh agus fásra<br>**1.5** míniú a thabhairt ar an gcaoi a múnlaíonn próiseas an chreimthe, an tsil-leagain agus an iompair na timpeallachtaí abhann, mara agus oighir<br>**1.6** aeráidí domhanda a rangú agus anailís a dhéanamh ar na tosca a imríonn tionchar ar an aeráid in Éirinn<br>**1.7** iniúchadh a dhéanamh ar chruthú agus ar iompar teagmhais aimsire shuntasaigh<br>**1.8** sonraí aimsire a bhailiú, a thaifeadadh agus a léirmhíniú<br>**1.9** idirdhealú a dhéanamh idir na cineálacha acmhainní fuinnimh a ghineann an domhan fisiceach<br>**1.10** iniúchadh a dhéanamh ar raon na bpróiseas fisiceach atá gníomhach i láthair roghnaithe agus ar na naisc atá eatarthu |
| **Gnéithe** | **Snáithe 2: An chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach a fhiosrú** |
| • Próisis, patrúin, córais agus scála<br>• Scileanna tíreolaíochta<br>• Inbhuanaitheacht | **Ba choir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**<br>**2.1** cur síos a dhéanamh ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bhaineann leis an tslí a ndéanaimid teagmháil le tarlú bolcán, creathanna talún agus fillsléibhte<br>**2.2** measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a ghabhann le saothrú carraige agus acmhainní fuinnimh<br>**2.3** an chaoi a n-imríonn an tírdhreach fisiceach tionchar ar fhorbairt na bpríomhghníomhaíochtaí a aithint<br>**2.4** measúnú a dhéanamh ar shaothrú inbhuanaithe an uisce, na stoc éisc, na foraoiseachta, agus na hithreach mar acmhainní nádúrtha<br>**2.5** cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíocht thánaisteach áitiúil i dtaca lena feidhm agus na tosca a imríonn tionchar ar a láthair<br>**2.6** scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna maidir le hathrú aeráide agus ar na himpleachtaí lena mbaineann<br>**2.7** iniúchadh a dhéanamh ar shamplaí den dóigh a ndéanann daoine teagmháil le próisis dromchla agus den dóigh a ndéanann siad iad a bhainistiú<br>**2.8** iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéileálann daoine le tubaiste nádúrtha<br>**2.9** measúnú a dhéanamh ar an ngaol idir an domhan fisiceach, an turasóireacht agus iompar |
| **Gnéithe** | **Snáithe 3: Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú** |
| • Próisis, patrúin, córais agus scála<br>• Scileanna tíreolaíochta<br>• Inbhuanaitheacht | **Ba choir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**<br>**3.1** leas a bhaint as samhail an trasdula dhéimeagrafaigh chun saintréithe daonraí agus an tslí a n-athraíonn daonraí a mhíniú<br>**3.2** iniúchadh a dhéanamh ar cad is cúis le himirce agus ar na hiarmhairtí atá aici<br>**3.3** scrúdú a dhéanamh ar athrú daonra in Éirinn agus i dtír atá i mbéal forbartha<br>**3.4** na tosca a théann i bhfeidhm ar láthair agus ar bhunús na lonnaíochtaí tuaithe agus uirbeacha in Éirinn a mheas<br>**3.5** scrúdú a dhéanamh ar cad is cúis le hathrú uirbeach i mbaile nó i gcathair in Éirinn agus ar na hiarmhairtí a ghabhann leis<br>**3.6** patrúin dhomhanda d'fhorbairt gheilleagrach a aithint<br>**3.7** comparáid a dhéanamh idir na deiseanna saoil atá ag duine óg i dtír atá forbartha – i dtaca le comhionannas inscne, cúram sláinte, fostaíocht agus oideachas – agus duine óg i dtír atá i mbéal forbartha i dtaca leis na deiseanna céanna sin<br>**3.8** measúnú a dhéanamh ar ról an chúnaimh forbartha maidir le forbairt an duine<br>**3.9** a chuid foghlama faoi dhaonra, lonnaíocht agus forbairt an duine laistigh de phróiseas an domhandaithe a tharraingt le chéile |

# Aonad Foghlama Samplach

## Chomh Fuar le Leac Oighir

**Réamheolas:** (Cuir isteach ábhar agus scileanna a seoladh roimhe seo chun cabhrú leis an aonad foghlama seo)

**1.4** measúnú a dhéanamh ar chineálacha ithreacha ina cheantar áitiúil i dtaca le comhdhéanamh agus fásra

**2.2** measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a ghabhann le saothrú carriage agus acmhainní fuinnimh

**Torthaí Foghlama:** (Ar fud na snáitheanna))

**1.5** míniú a thabhairt ar an gcaoi a múnlaíonn próiseas an chreimthe, an tsil-leagain agus an iompair na timpeallachtaí abhann, mara agus oighir
**2.6** scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna maidir le hathrú aeráide agus ar na himpleachtaí lena mbaineann
**2.9** measúnú a dhéanamh ar an ngaol idir an domhan fisiceach, an turasóireacht agus iompar
**1.10** iniúchadh a dhéanamh ar raon na bpróiseas fisiceach atá gníomhach i láthair roghnaithe agus ar na naisc atá eatarthu

**Briathra Gnímh:**
**Mínigh:** mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna
**Scrúdaigh:** argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus caidrimh na saincheiste
**Meas:** saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh
**Iniúch:** breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí úra

**Faoi dheireadh an aonaid beidh scoláirí in ann:**

- Breac-chuntas a thabhairt ar stair ghairid an oighrithe in Éirinn
- Sainmhíniú a thabhairt ar oighearshruth / oighearchlúid agus mínigh conas a chruthaítear oighearshruthanna
- Cur síos a dhéanamh ar dháileadh domhanda an oighir agus sonraigh na háiteanna ina bhfaightear oighearshruthanna
- Míniú a thabhairt ar na próisis a bhaineann le creimeadh oighreach, iompar agus sil-leagan, agus ar na próisis a mhúnlaíonn an tírdhreach (gnéithe creimthe & sil-leagain)
- Gnéithe de chreimeadh oighreach agus sil-leagan ar léarscáileanna OS, grianghraif ón aer agus íomhánna satailíte a aithint
- Na tosca a mheallann turasóirí chuig tírdhreacha oighrithe a aithint
- Nithe is díol spéise do thurasóirí a ainmniú agus a aimsiú i dtírdhreach oighrithe trí úsáid a bhaint as léarscáileanna agus as grianghraifa tosca a mheallann turasóirí chuig tírdhreacha oighrithe a aithint
- Measúnú a dhéanamh ar an ngaol idir an tírdhreach oighreach, an turasóireacht agus an t-iompar
- Míniú a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag oighearshruthanna a bhíonn ag leá ar dhaoine atá ina gcónaí in Éirinn nó i dtíortha eile agus ar na himpleachtaí ar an todhchaí a bheas ag oighearshruthanna a bhíonn ag leá?
- Smaoineamh ar naisc idir athrú aeráide agus oighearchaidhpeanna / oighearchlúideacha / oighearshruthanna a bhíonn ag leá

<table>
<tr><td colspan="3">Na Gnéithe: Conas a rachaidh an scoláire i dtaithí ar na torthaí foghlama (eispéirithe foghaimeora)</td></tr>
<tr>
<td>Patrúin<br>• Suíomh na n-oighearchlúideacha agus n-oighearshruthanna domhanda<br>• An bealach a thógann oighearshruth ó na hardtailte go dtí na hísealchríocha<br>• Tírdhreacha creimeadh oighreach i<br>• gceantair ardtailte<br>• Tírdhreacha sil-leagan oighreach i<br>• gceantair ísealchríche<br>• Ceantair a mbíonn tionchar ag leá oighir orthu<br>• Tírdhreach oighrithe agus cúrsaí iompar<br>• Tírdhreacha oighrithe agus turasóireacht<br><br>Próisis<br>• An chaoi a bhfoirmítear oighearchlúideacha agus oighearshruthanna<br>• An chaoi a ngluaiseann oighear<br>• Creimeadh (sracadh, scríobchaitheamh, gníomhú reo agus coscairt)<br>• Ábhar a Iompar agus a shil-leagan<br>• Téamh domhanda agus oighearchlúideacha agus oighearshruthanna cúlaitheacha<br>Córas<br>• An chaoi a gcruthaítear oighear<br>• An chaoi a múnlaíonn próisis oighreacha tírdhreach<br>• Gníomhaíochtaí daonna agus a n-idirghníomhaíochtaí le tírdhreach an oighearshrutha<br>Scála<br>• Áitiúil, náisiúnta agus domhanda<br>• Oighearchlúideacha ar fud an domhain lenár linn</td>
<td>Scileanna Tíreolaíochta<br>• A aithint cén áit a bhfuil oighearchlúideacha domhanda ar léarscáil den domhan agus limistéir a mbíonn tionchar ag athrú aeráide agus ag leá oighir orthu<br>• Anails a dhéanamh ar léarscáileanna, grianghraif, íonhanna satailíte de thírdhfeach oighreach, agus foirmeacha talún agus patrúin a aithint<br>• Léaráidí d'fhoirmeacha talamh oighreach a tharraingt agus a lipéadú<br>• Sracléarscáil a tharraingt agus a lipéadú de thírdhreach oighrithe, líonra iompair agus nithe is díol spéise do thurasóirí in Acla<br>• Sonraí a bhailiú ó réimse leathan foinsí m.sh.<br>• sonraí aeráide agus aimsire chun athrú aeráide a thaispeáint nó sonraí faoi chúrsaí turasóireachta in Acaill.<br>• Sonraí a eagrú agus a léirmhíniú chun teacht ar fhíricí agus conclúidí nua a dhéanamh m.sh.<br>• turasóireacht in Acaill, athrú aeráide srl..<br>• Faisnéis tíreolaíochta a chur i láthair go soiléir agus go cruinn agus go dtí chun a dtuiscint a léiriú</td>
<td>Inbhuanaitheacht<br><br>Eacamaíoch:<br>• Inbhuanaitheacht na turasóireachta<br>• m.sh. nádúr séasúrach na turasóireachta in Acaill<br>• Inbhuanaitheacht na turasóireachta<br>• m.sh. nádúr séasúrach na turasóireachta in Acaill<br><br>Comhshaol:<br>• Saothrú na timpeallachta nádúrtha<br>• Tionchar leá oighir<br>Sóisialta:<br>• Tacú le pobail áitiúla m.sh.,<br>• Ionaid saoire Sciála sna hAlpa & Páirceanna Náisiúnta in Éirinn<br>• (Feabhsú ar bhonneagar, sláinte, miondíol srl. mar thoradh ar an turasóireacht)</td>
</tr>
</table>



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

**Feasacht Tíreolaíochta:** Chun scolairí a thacú lena dtuiscint d'fheasacht tíreolaíocht a dhoimhniú agus cabhair a thabhairt dóibh idirghníomhaíochtaí, idirnaisc agus impleachtaí a aithint sa domhain fisiciúil agus daonra.

| Idirghníomhaíochtaí | Idirnaisc | Impleachtaí Sóisialta: |
|---|---|---|
| • An idirghníomhaíocht idir próisis oighreacha an chreimthe,an iompair agus an tsil-leagain agus an éifeacht a bhíonn aige sin ar an tírdhreach<br>• An chaoi a n-idirghníomhaíonn daoine le tírdhreach oighrithe<br>• An tírdhreach oighrithe agus an turasóireacht<br>• Oighriúchán, athrú aeráide agus daoine | • Tírdhreacha oighreacha agus líonraí iompair<br>• Oighriúchán agus turasóireacht<br>• Iompar daonna, athrú aeráide agus leá oighear<br>• Na héifeachtaí a bhíonn ag limistéir oighrithe ar shuíomh lonnaíochtaí | • Eisimirce mar gheall ar<br>• an dífhostaíocht (ionaid sciála/séasúracht na<br>• turasóireachta?)<br>• Cailliúint seirbhísí pobail<br>**Eacnamaíoch:**<br>• Deiseanna fostaíochta<br>• Fostaíocht shéasúrach<br>• Bonneagar feabhsaithe<br>• mar gheall ar thurasóireacht (tírdhreach oighrithe)<br>**Comhshaol:**<br>• Athrú Aeráide<br>• Cailleadh gnáthóg agus<br>• bithéagsúlachta<br>• Turasóireacht agus díghrádú<br>• an tírdhreacha fhisiciúil |

| **Seiceáil isteach ar an bhfoghlaim:** | |
|---|---|
| **Masúnú Leanúnach** | **Sampla féideartha** |
| **Cineálacha measúnaithe** | **Fianaise na foghlama** |
| | **Ról an scoláire sa mheasúnú** |
| **Acmhainní Roinne:**<br>Tá Gaeilge ar fáil mar ceann de na teangacha sa liosta d'fhotheideal dúnta ar an suíomh greasáin seo:<br>• https://timeforgeography.co.uk/videos-list/glaciation/corries/<br>• https://timeforgeography.co.uk/videos-list/glaciation/Aretes/ | **Nótaí an Mhúinteora Aonair:** |

| | |
|---|---|
| • https://timeforgeography.co.uk/videos-list/glaciation/Pyramid-peaks/<br>• https://timeforgeography.co.uk/videos-list/glaciation/formation-of-U-shaped-valleys/<br>• https://timeforgeography.co.uk/videos-list/glaciation/formation-drumlins/<br>• https://timeforgeography.co.uk/videos-list/glaciation/glacial-deposits-types-moraine/<br>• https://timeforgeography.co.uk/videos-list/glaciation/antarctica-ice-melt-global-sea-level/ | |

| **Naisc thraschuraclaim e.g. CLF1/CLF2** | |
|---|---|
| | • https://www.jct.ie/leagangaeilge/geography/resources_ga |

**Machnamh:** (Tarlaíonn machnamh le linn agus tar éis aonad foghlama, mar mhúinteoir aonair agus le do Roinn Tíreolaíochta. Cabhróidh sé sin le pleanáil amach anseo.)

Cad é a d'oibrigh go maith?

Cad éis féidir a fhabhsú?

Conas is feidir é a fheabhsú?

# Gníomhaíocht 1: Leas a bhaint as scileaana cartagrafacha chun tírdreach Oileán Acla a leirmhiniú

Bain úsáid as Léarscáileanna **Scoilnet (nó léarscáileanna clóite)** agus pléigh:

- Cad iad na Scileanna Cartagrafacha a theastaíonn ó do scoláirí chun cabhrú leo tírdhreach Acla a léirmhíniú?
- Mínigh conas a fhorbróidh gach scil a dtuiscint

| Cad iad na Scileanna Cartagrafacha atá de dhíth ar do scoláirí chun tírdhreach Oileán Acla a léirmhíniú? | Mínigh conas a fhorbróidh gach scil a dtuiscint |
|---|---|
| Tagairt Eangaí | Is féidir le scoláirí láithreacha crúinne a thabhairt m.sh. Tírdhreacha a aithint |

| Cad iad na Scileanna Cartagrafacha atá de dhíth ar do scoláirí chun tírdhreach Oileán Acla a léirmhíniú? | Mínigh conas a fhorbróidh gach scil a dtuiscint |
|---|---|
| | |

# Gníomhaíocht 2: Leas a bhaint as scileanna geografacha chun tuiscint scoláirí i ngné de thíreolaíocht áitiúil a thuiscint

- **Déan** iniúchadh ar do cheantar áitiúil ar **Léarscáileanna Scoilnet**
- Roghnaigh **gné** den **tíreolaíocht áitiúil**
- Fiosraigh conas a d'fhéadfá **scileanna tíreolaíochta** a úsáid chun tacú le tuiscint scoláirí ar an ngné sin den tíreolaíocht áitiúil

| |
|---|
| **Ceantar Áitiúil:** |
| **Gné Áitiúil:** |
| **Scileanna:** |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Gníomhaíocht 3: Pleanáil do MRB2

1. **Déanfaidh machnamh** bunaithe ar na **smaointe/topaic** féideartha in bhur gcentar áitiúil le haghaidh fíósrúchán áithiúil MRB2 "Mo thíreoaíocht"
2. **Pléifidh agus saineoidh ceisteanna fíosrúchán féideartha** do scóláirí a dhéanfaidh iarracht iada fhreagairt trína bhfíosrúchán áitiúil **MRB2 "Mo threolaíocht"**
3. **Smaoinigh** ar na **modhanna taighde agus na scileanna geografacha** a uúsáidfidh bhur gcuid scóláirí m.sh. úsáid léarscáileanna SO, griangraf, laithreain ghréasain
4. **Déanfaidh achainní a aimsiú** a d'fhéadfadh do chuid scóláirí a úsáid chun sonraí a bhailiú
5. **Smaoinigh** ar an gcaoi a ndéanfaidh bhur gcuid scóláirí **a gcuid torthaí a anailísiú agus a chur I láthair**
6. **Ar deieadh, cruthóidh leidcheisteanna** chun cabhrú le **machnamh scóláirí**

| | |
|---|---|
| **Teidal/Topaic** | |
| **Scileanna Tíreolaíochta & Scileanna Feidhmeacha** | |
| **Sonraí a Bhailiú** | |
| **Anailís a dhéanamh ar Shonraí** | |
| **Torthaí a chur i Láthair** | |
| **Ceisteanna Machnaimh** | |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Measúnú Rangbhunaithe 2 - Mo thíreolaíocht

| MRB 2 Mo Thíreolaíocht: An chaoi a n-ullmhóidh tú do fhreagairt: | |
|---|---|
| **Próisis, patrúin, córais agus scála** | **Inbhuanaitheacht** |
| • Iniúchadh a dhéanamh ar an gceangal atá idir an ghné roghnaithe thíreolaíochta agus foghlaim faoi phróiseas, patrún nó córas tíreolaíochta<br>• Feargairt a mhionsonraithe a ullmhú ina dtaispeantar suntas tíreolíochta na gné roghnaithe a iniúchadh<br>• Breac- chuntas a thabhairt ar thionchar na ngé roghnaithe ar an gcenatr aitiúil | • Breac-chuntas a thabhairt ar chúinsí inbhuanaitheachta a gcaithfear cuimhneamh orthu maidir leis an ngné thíreolaíochta roghnaithe |
| **An chaoi a n-ullmhóidh tú do thuairisc: (scileanna tíreolaíochta)** | |
| Spreagtar an scoláire leis an oiread scileanna tíreolaíochta agus atá ábhartha don fhreagairt aonair a úsáid trí phróiseas an Mheasúnaithe Rangbhunaithe<br>• Ullmhóidh an scoláire freagairt a léiríonn go ndeachaigh sé i ngleic leis na príomhcheisteanna tíreolaíochta – cé, céard, cén áit, cathain, cén chaoi, cén fáth<br>• Taispeánfaidh an scoláire na hidirghníomhaíochtaí, idirnaisc agus impleachtaí atá gníomhach sa ghné thíreolaíochta/sna gnéithe tíreolaíochta roghnaithe<br>• Chun na príomhcheisteanna tíreolaíochta a sainaithníodh a iniúchadh, baileoidh an scoláire sonraí ó réimse leathan foinsí chun eolas a fhorbairt. Spreagtar an scoláire le tabhairt faoi iniúchtaí tíreolaíochta, lena n-áirítear obair allamuigh, mar chuid den bhailiú sonraí<br>• Léirmhíneoidh, measfaidh agus eagróidh an scoláire na sonraí a bailíodh chun an chaoi ar cuireadh bonn eolais faoina fhreagairt a thaispeáint<br>• déanfaidh an scoláire anailís ar a shonraí chun freagairt iniúchta a ullmhú ar an ngné thíreolaíochta/na gnéithe tíreolaíochta roghnaithe | |

# Comhairle don scoláire

Tabharfaidh do mhúinteoir ranga tacaíocht duit san obair don mheasúnú seo. Nuair atá an ghné thíreolaíochta/na gnéithe tíreolaíochta ar a mbunófar an Measúnú Rangbhunaithe seo aontaithe agat le do  mhúinteoir, d'fhéadfá na cineálacha ceisteanna seo a leanas a fhiafraí díot féin:

- Ar chuir mé na príomhcheisteanna tíreolaíochta – cé, céard, cén áit, cathain, cén chaoi, cén fáth?
- Céard é tionchar féideartha áitiúil comhshaoil, geilleagair nó sóisialta mo ghné(ithe) roghnaithe?
- Céard iad iarmhairtí na gné/na ngnéithe seo amach seo go háitiúil nó níos faide i gcéin?
- Ar bhailigh mé sonraí ó réimse leathan sonraí?

Ar sheiceáil mé go bhfuil na sonraí a bhailigh mé iontaofa?

- Dá mb'fhéidir, ar chuir mé duine éigin faoi agallamh nó ar labhair mé le duine éigin a thabharfadh  léargas eile ar an ngné seo nó a roinnfeadh a shaineolas fúithi liom?
- Ar bhuail mé agus ar labhair mé le daoine a ndeachaigh an ghné seo i bhfeidhm orthu?
- An bhfuil aon naisc, iarmhairtí nó impleachtaí ag an ngné seo ar scála níos leithne?
- Ar iniúchadh agus ar eagraíodh an fhreagairt go soiléir agus go loighciúil?
- Ar cuireadh í i láthair go cruthaitheach agus go héifeachtach, beag beann ar an leagan amach a roghnaíodh?
- An bhfuil meastóireacht agus machnamh i m'iniúchadh?
- Cén duine nó cén eagraíocht a chuirfeadh spéis i dtorthaí m'iniúchta?

Féadfaidh tú oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe leat féin, le comhscoláire amháin eile nó le grúpa. Má tá tú ag tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe le comhscoláire eile nó mar chuid de ghrúpa, tá sé tábhachtach go gcoinníonn tú nóta den mhéid a dhéanann tú sa phróiseas agus den mhéid a chuireann tú  leis an obair ghrúpa. Ba chóir duit é sin a chur in iúl i do fhreagairt trí shiombail nó d'inisealacha a úsáid, nó modh eile a d'aontaigh tú le do mhúinteoir.

| Na Gneithe Cailíochta: Mo thíreolaíocht |
| --- |
| **Thar barr ar fad**<br>Téann an fhreagairt i ngleic go cuimsitheach leis na príomhcheisteanna tíreolaíochta, lena n-áirítear anailís ar údar imní faoi chúrsaí inbhuanaitheachta agus tá conclúidí géarchúiseacha agus ábhartha ann<br>Léiríonn an fhreagairt feasacht chuimsitheach ar na próisis, patrúin agus córais a bhí gníomhach sa ghné thíreolaíochta roghnaithe<br>Tá an fhreagairt thar a bheith dea-eagraithe, agus léirítear rannpháirtíocht ghníomhach i sonraí ó réimse leathan sonraí a bhailiú agus a anailísiú. |
| **Os cionn na n-ionchas**<br>Téann an fhreagairt i ngleic go héifeachtach leis na príomhcheisteanna tíreolaíochta, lena n-áirítear machnamh ar údar imní faoi chúrsaí inbhuanaitheachta agus tá conclúidí ábhartha ann<br>Léiríonn an fhreagairt feasacht an-mhaith ar na próisis, patrúin agus córais a bhí gníomhach sa ghné thíreolaíochta roghnaithe<br>Tá an fhreagairt an-mhionsonraithe agus dea-eagraithe, agus léirítear rannpháirtíocht mhaith i sonraí ó réimse sonraí a bhailiú agus a anailísiú. |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br>Téann an fhreagairt i ngleic le roinnt ceisteanna tíreolaíochta, tá roinnt machnaimh ar údar imní faoi chúrsaí inbhuanaitheachta ann, agus tá roinnt conclúidí spéisiúla ann, cé nach bhfuil siad ábhartha i gcónaí<br>Léiríonn an fhreagairt roinnt feasachta ar na próisis, patrúin agus córais a bhí gníomhach sa ghné thíreolaíochta roghnaithe<br>Tá an fhreagairt eagraithe go cuspóir agus áirítear sonraí agus eolas a léiríonn rannpháirtíocht i sonraí ó  fhoinsí éagsúla a bhailiú agus a anailísiú. |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br>Ní théann an fhreagairt i ngleic le mórán ceisteanna tíreolaíochta agus níl aon chonclúidí ann nó tá siad srianta<br>Is beag feasacht a léirítear sa fhreagairt, nó ní léirítear feasacht ar bith, ar na próisis, patrúin agus córais a bhí gníomhach sa ghné thíreolaíochta roghnaithe<br>Níl ord ná eagar ar an bhfreagairt agus is beag sonraí atá ann faoi na foinsí a úsáideadh chun sonraí a bhailiú |

**Curtha in oiriúnt ó *Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe, CNCM 2018 L.* 21, 23 & 24**

# Notaí





Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers